snasTV
Ros na Rún

Sraith 2: Ceacht 5

# ‘Sin dúshlán’ Consain shéimhithe sa Ghaeilge

**An cuimhin leat?**
Na consain shéimhithe: sh, ch, dh, gh, fh

**Feasacht teanga**
Cleachtadh ar na consain shéimhithe; an difríocht idir córas fuaimeanna na Gaeilge agus córas an Bhéarla

**Scileanna cumarsáide**
Ag aisteoireacht agus ag cur béim ar na consain shéimhithe

## A: An cuimhin leat?

### 1. An fhuaim SH sa Ghaeilge

Bain úsáid as an dá shampla thíos chun an difríocht idir fuaim ‘sh’ an Bhéarla agus ‘sh’ na Gaeilge a mhíniú:

| SH an Bhéarla | SH na Gaeilge |
|---|---|
| *I hurt my **sh**in playing football.* | ‘Bliain ó **sh**in’ |

(Obair bheirte atá i gceist le ceisteanna 2 – 4)

### 2. CH leathan agus caol

Abraigí amach na focail seo thíos le chéile agus cuirigí ciorcal timpeall gach ‘ch’ leathan agus líne faoi gach ‘ch’ caol. Conas atá na fuaimeanna difriúil le chéile?

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| chodail | le chéile | oíche | chaill | mo charr | A Chiaráin | mo chóta |
| a Choilm | mo chearta | chas | do chíste | achar | mo chárta | a chinntiú |

### 3. DH/GH leathan agus caol

a) Féachaigí ar na focail thíos a bhfuil ‘dh’ nó ‘gh’ iontu ar fad. An bhfuil an ‘dh’/‘gh’ leathan nó caol i ngach ceann? Cuirigí sna boscaí cuí thíos iad. Ansin abraigí amach os ard iad.

| | | |
|---|---|---|
| mo ghrá | A Dheirdre | a dhóthain |
| aon ghá | ghéill | ar dheis |
| dhún | a Dhónaill | mo dheoch |
| a ghuthán | an gheit | an Ghearmáin |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| DH/GH leathan | DH/GH caol |
|---|---|
| | |

b) Tabharfaidh an múinteoir cártaí daoibh anois. Lean na treoracha seo a leanas:

**Duine A**: Léigh amach na habairtí atá ar do chárta do do pháirtnéir. Bí cinnte go bhfuaimníonn tú na consain shéimhithe mar is ceart!
**Duine B**: Éist leis na habairtí a léann do pháirtnéir amach agus scríobh síos iad. Éist go cúramach leis na consain shéimhithe agus bí cinnte go scríobhann tú i gceart iad!

Malartaígí róil.

## 4. Fuaim FH

Téigí go dtí www.abair.ie agus cuirigí na habairtí thíos isteach sa bhosca cuardaigh. Roghnaígí canúint amháin agus cloígí leis an gcanúint sin le haghaidh gach focail. Déanaigí aithris ar na habairtí. Cad is féidir libh a rá faoin bhfuaim atá ag 'fh'?

- Ní fhaca mé aon fhadhb leis sin.
- Conas a fhuaimnítear an 'f' san aimsir fháistineach?
- Níl a fhios agam faoi Fhinn.
- Bhí an aimsir an-fhuar sa Fhrainc san fhómhar.
- Ar fhoghlaim tú an dá fhíric sin?


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: FEASACHT TEANGA

## 1. Na fuaimeanna TH, BH agus MH

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus léigí na véarsaí thíos ó dhá amhrán cháiliúla sa Ghaeilge. Cuirigí líne faoi gach 'th', 'bh' agus 'mh' agus dírígí bhur n-aird ar na fuaimeanna sin. Éistigí leis na hamhráin ansin trí chliceáil ar 'Éist anseo'.

b) An bhfuil na fuaimeanna 'bh' agus 'mh' mar an gcéanna sna canúintí ar fad?

| Óró 'Sé do bheatha 'bhaile | An Mhaighdean Mhara |
|---|---|
| Óró 'Sé do bheatha 'bhaile,<br>Óró 'Sé do bheatha 'bhaile,<br>Óró 'Sé do bheatha 'bhaile,<br>Anois ar theacht an tsamhraidh!<br>Éist anseo<br> | Is cosúil gur mheath tú<br>Nó gur thréig tú an greann<br>Tá an sneachta go frasach<br>Fá bhéal na mbeann'<br>Do chúl buí daite<br>Is do bhéilín sámh<br>Siúd chugaibh Mary Chinidh<br>'S í 'ndiaidh an Éirne 'shnámh<br>A mháithrín mhilis<br>Dúirt Máire Bhán<br>Fá bhruach an chladaigh<br>'S fá bhéal na trá<br>Maighdean mhara, mo mháithrín ard<br>Siúd chugaibh Mary Chinidh<br>'S í 'ndiaidh an Éirne 'shnámh<br>Éist anseo |

## 2. Cluiche Péirí

Léifidh an múinteoir amach liosta de phéirí focal anois. Is focail iad nach bhfuil de dhifríocht eatarthu ach na consain shéimhithe (i.e. consan lom v consan séimhithe nó consan caol séimhithe v consan leathan séimhithe). Beidh 15 phéire i gceist. Caithfidh tú na péirí focal a chloiseann tú a scríobh síos. Cuir do liosta i gcomparáid le liosta an duine in aice leat ansin. An bhfuil bhur gcuid liostaí mar an gcéanna?


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: CUMARSÁID

### Ó Script go Stáitse

Bígí ag obair in bhur mbeirteanna. Bígí ag aisteoireacht sna róil seo thíos. Féachaigí ar gach mír cúpla uair le bheith cinnte go bhfuaimníonn sibh gach focal mar a fhuaimníonn na haisteoirí iad. Ba cheart do gach duine den bheirt gach ról a dhéanamh uair amháin.

John Joe: Achan am a sánn tú do shoc isteach i scéal níonn tú cac madaidh de.

Crystal: Nach bhfuil sé ina sheomra?

Diana: *Wow.* Ní bheidh sí róshásta leis sin.

Conall: Sin dúshlán mór!

**********

Caitríona: Chodail mé i mo charr. Is é an chaoi go dtáinig mé le Méabh a phiocadh suas, ach thug Vince chuig an scoil cheana í.

Micheál: Breathnaigh a Chaitríona, níl aon am agamsa anois don slabáil chainte sin. Codail go maith i do charr arís anocht, táimse á rá leat.

**********

Caitríona: Caithfimid ar fad tarraingt le chéile, go dtí go dtiocfaidh Sonia arís.

Micheál: Ní neart go cur le chéile a Chaitríona, tá mé á rá leat.

**********

Laoise: Gheall tusa do d'athair aréir go dtabharfá cúnamh domsa inniu sa mB and B …

Sorcha: Manus, ní raibh aon ghá.

Tadhg: Anois, a Mháire, dhá dheoch. Agus má ólann tú an péire sin, *fair play* dhuit.

**********


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# FREAGRAÍ

## A: AN CUIMHIN LEAT?

**1. An fhuaim SH sa Ghaeilge**

Féach:

| SH an Bhéarla | SH na Gaeilge |
|---|---|
| *I hurt my **sh**in playing football.*<br>Sa Bhéarla bíonn fuaim 'shhhh' ag baint leis na litreacha 'sh'. | 'Bliain ó **sh**in'<br>Sa Ghaeilge, is fuaim 'h' (huh) a bhíonn ann de ghnáth.. |

**2. CH leathan agus caol**

Tá an 'ch' leathan dearg agus tá an 'ch' caol buí. Tabhair deis do na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar na difríochtaí idir na fuaimeanna. Tá tuilleadh eolais le fáil ar fhuaimeanna na Gaeilge ar http://ceacht.ie/content/blas.ie.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| chodail | le chéile | oíche | chaill | mo charr | A Chiaráin | mo chóta |
| a Choilm | mo chearta | chas | do chíste | achar | mo chárta | a chinntiú |

**3. DH/GH leathan agus caol**

a) Féach:

| DH/GH leathan | DH/GH caol |
|---|---|
| mo ghrá<br>aon ghá<br>a ghuthán<br>dhún<br>a Dhónaill<br>a dhóthain | A Dheirdre<br>ar dheis<br>mo dheoch<br>ghéill<br>an gheit<br>an Ghearmáin |

Tabhair deis do na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar na difríochtaí idir na fuaimeanna difriúla. Tá tuilleadh eolais le fáil ar fhuaimeanna na Gaeilge ar http://ceacht.ie/content/blas.ie.

b) Bíodh na cártaí (atá ag deireadh na nótaí seo) gearrtha amach agat roimh an rang. Cuir gach beirt ag obair le chéile agus tabhair cárta A do dhuine A agus cárta B do dhuine B. Caithfidh duine A na habairtí ar chárta A a léamh amach do dhuine B agus caithfidh duine B an méid a chloiseann sé/sí a scríobh síos. Ba cheart dóibh na habairtí sin a sheiceáil ansin le bheith cinnte go bhfuil siad litrithe mar an gcéanna. Ansin, léifidh duine B na habairtí ar chárta B amach agus mar sin ar aghaidh. Pléigh aon deacracht a bhí ag na foghlaimeoirí ó thaobh cúrsaí foghraíochta de.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

### 4. Fuaim FH

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na habairtí a sheiceáil ar www.abair.ie. Ní fhuaimnítear 'fh' ar chor ar bith. Féach:

- Ní ~~fh~~aca mé aon ~~fh~~adhb leis sin.
- Conas a ~~fh~~uaimnítear an 'f' san aimsir ~~fh~~áistineach?
- Níl a ~~fh~~ios agam faoi ~~Fh~~inn.
- Bhí an aimsir an~~-fh~~uar sa ~~Fh~~rainc san ~~fh~~ómhar.
- Ar ~~fh~~oghlaim tú an dá ~~fh~~íric sin?

## B: FEASACHT TEANGA

### 1. Na fuaimeanna TH, BH agus MH

a) Iarr ar gach beirt focail na n-amhrán a léamh amach os ard le chéile, ag cur béim ar na focail a bhfuil 'th', 'bh' agus 'mh' iontu. Abair leo ansin éisteacht leis an dá amhrán. Tar éis do na foghlaimeoirí an dá amhrán a sheinm, bíodh plé agat faoin tslí a bhfuaimníonn siadsan na fuaimeanna sin agus an tslí a bhfuaimnítear sna hamhráin iad. Léigh na véarsaí ar an mbileog seo leo arís le bheith cinnte go bhfuil na fuaimeanna cearta ag na foghlaimeoirí.

b) Bionn fuaim 'w' an Bhéarla ar 'bh' agus 'mh' leathan. Fuaim 'v' an Bhéarla a bhíonn ar 'bh' agus 'mh' caol sa Ghaeilge. I gcanúint na Mumhan, áfach, bíonn fuaim 'v' an Bhéarla ar 'bh' agus 'mh' leathan agus caol. Bíonn fuaim 'ha' ar 'th' leathan agus caol

### 2. Cluiche Péirí

Léigh na focail thíos amach os ard don rang. Bí cinnte iad a fhuaimniú i gceart agus go mall. Léigh amach péire focal amháin agus tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail sin a scríobh síos. Lean ar aghaidh leis an gcéad phéire eile agus mar sin ar aghaidh. Iarr ar gach beirt a liostaí focal a chur i gcomparáid le chéile ar dtús, sula bpléifidh tusa na focail agus na fuaimeanna ar fad leis an rang ansin.

Séan / Shéan
Tosaigh / Thosaigh
Caill / Chaill / Chiall
Muc / Moch
Glan / Ghlan
Róthe / Reoite
Dún / Dhún
Dá / Dhá
Bhó / Bheo
Chárta / Chearta
An-ghearr / An-ghar
Ghiota / Ghuta
Dhúil / Dhiúl
Bhille / Bhaile
Mheon / Mhóin


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: CUMARSÁID

## Ó Script go Stáitse

Iarr ar na foghlaimeoirí féachaint ar na míreanna san fhíseán arís agus aird a dhíriú ar na fotheidil agus iad ag éisteacht. Ansin, iarr orthu cleachtadh a dhéanamh ar na línte ar fad sna comhráite, leo féin ar dtús agus ansin leis an duine in aice leo. Iarr ar gach beirt aisteoireacht a dhéanamh sna róil i ngach mír agus na róil a mhalartú freisin. Iarr ar bheirteanna éagsúla na línte a léamh amach os comhair an ranga.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# AN SCRIPT

**Intreoir**
Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún. Sraith 2, Ceacht 5. Sin dúshlán – Consain shéimhithe sa Ghaeilge

Phléigh muid cuid de na dúshláin a bhíonn ag foghlaimeoirí maidir le fuaimeanna na Gaeilge i gCeacht 3 den tsraith seo. Sa cheacht sin, chuidigh muintir Ros na Rún linn teacht isteach ar na fuaimeanna a bhaineann le cuid de na consain leathana agus chaola sa Ghaeilge – is é sin na fuaimeanna a bhíonn ar chonsain ar nós 's', 'd', 't', agus 'r', ag brath ar na gutaí atá taobh leo.

Sa cheacht seo, tabharfaidh muid aghaidh ar na fuaimeanna a bhaineann leis na consain shéimhithe, chun iad a aithint, a chleachtadh agus a thabhairt linn.

## 1. An fhuaim 'sh' – Do shoc sa scéal agus dúshlán eile.

Caithfimid spotsolas ar dtús ar an fhuaim a bhaineann le 'sh' sa Ghaeilge. Sa Bhéarla, ar ndóigh, bíonn fuaim 'shhhh' ag baint leis na litreacha 'sh', ach sa Ghaeilge, is fuaim 'h' (huh) atá ann. Tá an difríocht sin an-soiléir sna samplaí seo:

| SH an Bhéarla | SH na Gaeilge |
|---|---|
| I hurt my shin playing football. | Bliain ó shin. |

Ní mór dúinn a bheith cúramach i gcónaí gan an dá chóras fuaimnithe sin a mheascadh le chéile!

Féach ar na samplaí eile seo:

| SH an Bhéarla | SH na Gaeilge |
|---|---|
| Sheila | mála Shíle |
| sham | mar shampla |
| shade | mo shaol |
| she | shíl, shuigh |
| shoe | mo shúil |
| show | na meáin shóisialta |

Éist anois leis 'sh' atá ag do sheanchairde i Ros na Rún:

**An mhír físe ó Ros na Rún**

| | |
|---|---|
| John Joe: | Achan am a sánn tú do shoc isteach i scéal níonn tú cac madaidh de. |
| Crystal: | Nach bhfuil sé ina sheomra? |
| Diana: | *Wow.* Ní bheidh sí róshásta leis sin. |
| Conall: | Sin dúshlán mór! |

Arís: do shoc, ina sheomra, róshásta, dúshlán.

Ní 'duais lán' atá ann mar sin, ach dúshlán!


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## 2. CH leathan agus caol – Le chéile, a Chaitríona

Ar thug tú faoi deara go bhfuil difríocht chomh maith idir an ch leathan agus an ch caol?

Smaoinigh ar an sampla seo: an chéad chúrsa. x 2

Seo roinnt samplaí eile:

| CH leathan (+ a, o, u) | CH caol (+ i, e) |
|---|---|
| chas | cheannaigh |
| achar | oíche |
| mo chóta | mo cheannsa |
| bean chairdiúil | bean chéile |
| a Chaitlín | a Chiaráin |

Éist le do chuid cairde anois ó Ros na Rún:

**An mhír físe ó Ros na Rún**

Caitríona: Chodail mé i mo charr. Is é an chaoi go dtáinig mé le Méabh a phiocadh suas, ach thug Vince chuig an scoil cheana í.

Micheál: Breathnaigh a Chaitríona, níl aon am agamsa anois don slabáil chainte sin. Codail go maith i do charr arís anocht, táimse á rá leat.

Caitríona: Caithfimid ar fad tarraingt le chéile, go dtí go dtiocfaidh Sonia ar ais.

Micheál: Ní neart go cur le chéile a Chaitríona, tá mé á rá leat.

Anois, abraimis na focail sin arís le chéile:

CH leathan – chodail, i mo charr, a Chaitríona, slabáil chainte.
CH caol – le chéile, agus an chéad chéim

## 3. DH/GH leathan agus caol: Níl aon ghá, fair play dhuit

Sa Ghaeilge, fuaimnítear na litreacha ‘dh’ agus ‘gh’ mórán mar a chéile, ach déantar idirdhealú an-soiléir arís idir leathan agus caol.

Fuaim ghhhh atá ag ‘dh/gh’ leathan. Fuaim í sin nach gcloistear sa Bhéarla agus bíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí leis dá bharr sin. Éist leis na cinn seo:

DH/GH leathan

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ghoid | An Ghaeilge | an ghaoth | do ghúna |
| Dhún | dhubh | a Dhónaill | a dhóthain |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Fuaim eile ar fad a bhaineann leis an dh/gh caol sa Ghaeilge. Fuaim 'y' (yeu) atá ann mar a chloisfidh tú sna samplaí seo.

DH/GH caol

| | | | |
|---|---|---|---|
| Gheobhaidh | Gheall | an Ghearmáin | an ghealach |
| Dhíol | ní dhearna | a Dheirdre | ar dheis |

Éist leis na samplaí seo anois ó mhuintir Ros na Rún:

**An mhír físe ó Ros na Rún**

Laoise: Gheall tusa do d'athair aréir go dtabharfá cúnamh domsa inniu sa mB and B …

Sorcha: Manus, ní raibh aon ghá.

Tadhg: Anois, a Mháire, dhá dheoch. Agus má ólann tú an péire sin, *fair play* dhuit.

### 4. Fuaim FH

Agus cén fhuaim a bhaineann le 'fh' sa Ghaeilge? Ní thógfaidh sé rófhada sin a fhoghlaim, mar atá a fhios agat, mar níl aon fhuaim ag baint leis! Níor cheart go mbeadh aon fhadhb agat leis an 'fh' mar sin!

Sin é anois é, a chairde cróga. Feicfidh mé sibh! Ná bíodh aon dúshlán ag baint le fuaimeanna na Gaeilge amach anseo. Téigí go dtí an bhileog a théann leis an fhíseán seo ar snas.ie chun tuilleadh cleachtaidh a dhéanamh ar fhuaimeanna agus ar chonsain shéimhithe na Gaeilge.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# DH/GH leathan agus caol

**An cuimhin leat 3(b). Tá trí chóip de gach cárta ar an mbileog seo.**

Le gearradh amach agus cárta A a thabhairt do dhuine A i ngach beirt. Cárta B a thabhairt do Dhuine B.

| Duine A – cárta A | Duine B – cárta B |
|---|---|
| 1. A Dhónaill, ar dhún tú an doras?<br>2. Tá an ghealach bán agus an spéir fíordhubh.<br>3. A dhiabhail, chaill mé mo ghuthán.<br>4. Dhoirt mé caife ar mo ghúna.<br>5. Gheall sé do mo ghasúir go dtiocfadh sé. | 1. A Ghearóid, ar ghoid tú mo dhuais?<br>2. Tá an ghrian ag soilsiú sa ghairdín.<br>3. A Dheirdre, seo í mo dheirfiúr.<br>4. Ghortaigh sé a dhroim.<br>5. Tá an Ghearmáinis ródheacair. |

| Duine A – cárta A | Duine B – cárta B |
|---|---|
| 1. A Dhónaill, ar dhún tú an doras?<br>2. Tá an ghealach bán agus an spéir fíordhubh.<br>3. A dhiabhail, chaill mé mo ghuthán.<br>4. Dhoirt mé caife ar mo ghúna.<br>5. Gheall sé do mo ghasúir go dtiocfadh sé. | 1. A Ghearóid, ar ghoid tú mo dhuais?<br>2. Tá an ghrian ag soilsiú sa ghairdín.<br>3. A Dheirdre, seo í mo dheirfiúr.<br>4. Ghortaigh sé a dhroim.<br>5. Tá an Ghearmáinis ródheacair. |

| Duine A – cárta A | Duine B – cárta B |
|---|---|
| 1. A Dhónaill, ar dhún tú an doras?<br>2. Tá an ghealach bán agus an spéir fíordhubh.<br>3. A dhiabhail, chaill mé mo ghuthán.<br>4. Dhoirt mé caife ar mo ghúna.<br>5. Gheall sé do mo ghasúir go dtiocfadh sé. | 1. A Ghearóid, ar ghoid tú mo dhuais?<br>2. Tá an ghrian ag soilsiú sa ghairdín.<br>3. A Dheirdre, seo í mo dheirfiúr.<br>4. Ghortaigh sé a dhroim.<br>5. Tá an Ghearmáinis ródheacair. |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad